

## An Clár Tithe Aoisbháúla Folláine | Foirm Atreoraithe

Tá sé mar aidhm ag an gClár Tithe Aoisbháúla Folláine tacú le daoine scothaosta maireachtáil ina dtithe féin le dínit agus le neamhspleáchas, chomh fada agus is féidir. Is é uailmhian an chláir ná a chumasú do gach duine saol níos sláintiúla a chaitheamh trí chúram a choimeád gar don bhaile agus raon na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta sa phobal a leathnú. Baineann sé le raon roghanna malartacha a sholáthar do dhaoine scothaosta a d'fhéadfadh murach sin a bheith orthu aistriú go cúram cónaithe fadtéarmach roimh am

Chun seo a dhéanamh tá **Comhordaitheoir Áitiúil um Thithe Aoisbháúla Folláine** ceaptha againn i naoi n-údarás áitiúla (Contae Chorcaí, Cathair Bhaile Átha Cliath, Contae Fhine Gall, Contae & Cathair na Gaillimhe, Cathair & Contae Luimnigh, Contae an Longfoirt, Baile Átha Cliath Theas, Contae Thiobraid Árann, Contae na hIarmhí). Déanfaidh gach Comhordaitheoir Áitiúil bainistíocht ar phacáiste tacaíochta do gach duine a atreoraítear, ag nascadh na dtacaí ó éagsúlacht na ngníomhaireachtaí poiblí, deonacha, príobháideacha agus pobail sa cheantar.

Is é aidhm an atreoraithe seo ná duine aosta a aithint a d'fhéadfadh leas a bhaint as cúnamh agus tacaíocht bhreise d'fhonn fanacht ina chónaí ina theach féin. Déanfaidh an Comhordaitheoir Áitiúil measúnú baile agus, i gcomhpháirtíocht leis an duine aosta, sainaitheoidh agus dearfar raon tacaíochtaí le cur ar chumas an duine aosta leanúint ag maireachtáil go neamhspleách. *Ní chuirfidh sé seo isteach ar aon chabhair reatha tí, cárta leighis, pinsean ná seirbhísí eile a fhaightear.*

D'fhonn rath an cur chuige seo a mheas, baileoidh an comhordaitheoir áitiúil faisnéis faoi na tacaíochtaí reatha tithíochta, sláinte, sóisialta agus teicneolaíochta a bhfuil / nach bhfuil rochtain ag an duine aosta orthu. Cabhróidh an fhaisnéis seo leis an gcomhordaitheoir an duine aosta a éascú chun teacht ar raon tacaíochtaí agus faisnéise breise. Nuair a fhaightear an t-atreorú seo gheobhaidh gach rannpháirtí litir admhála óna gComhordaitheoir Áitiúil ag imlíniú na chéad chéimeanna eile sa phróiseas.

### Sonraí Atreoraí (Bloclitreacha)

<b>Ainm:</b>	
<b>Slí Bheatha:</b>	
<b>Dáta an atreoraithe:</b>	
<b>Uimhir theagmhála:</b>	
<b>Seoladh ríomhphoist:</b>	
<b>Síniú:</b>	

Sonraí Rannpháirtithe (Bloclitreacha)	
Sloinne:	
Ainm:	
Seoladh	
Éirchód:	
Dáta breithe:	
Uimhir Fón póca:	
Líne Thalún:	
Céad teanga:	
Ateangaire ag teastáil:	Tá <input type="checkbox"/> Níl <input type="checkbox"/>
Tugaim toiliú do mo chuid sonraí a bheith tugtha do Chomhordaitheoir Áitiúil chun páirt a ghlacadh sa Chlár seo mar atá mínithe thuas.	Síniú:

Sonraí Ábhartha Breise (Bloclitreacha)	
Cúis leis an atreorú:	
Aon Stair Leighis, Teaghlaigh agus Sóisialta Ábhartha:	
Faisnéis ábhartha bhreise (lena n-áirítear riachtanais speisialta, míchumais, rabhaidh chliniciúla):	
Le húsáid inmheánach (Clár Tithe Aoisbháúla Folláine– Comhordaitheoir Áitiúil)	
Dáta ar a bhfuarthas an t-atreorú:	

Atreorú admhaithe:

**Cuir isteach d'fhoirm chomhlánaithe chuig:**

**Seoladh Poist:** An Clár Tithe Aoisbháúla Folláine , **Urlár 5, An Túr**, Comhairle Contae Chorcaí, Halla an Chontae, Corcaigh T12 R2NC

**Uimhir Ghutháin:** 046-9097417

**Ríomhphost:** [info@agefriendlyireland.ie](mailto:info@agefriendlyireland.ie)



Comhairle Contae Chorcaí  
Cork County Council